BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (Tríú Dlísheomra Méadaithe)

8 Deireadh Fómhair 2025*

(Fuinneamh – Margadh inmheánach leictreachais – Treoirlíne maidir le cothromú córais leictreachais – Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2017/2195 – Ardán Eorpach don phróiseas glanluachála neamhchothroime – Easpa rannpháirtíochta oibreora de chóras tarchurtha na hEilvéise – Cinneadh ACER lena leasaítear an creat chun an t-ardán a chur i bhfeidhm – Achomharc arna tabhairt i gcoinne Bhord Achomhairc ACER – Coinníollacha agus socruithe mionsonraithe chun achomhairc a thabhairt – Airteagal 28 de Rialachán AE 2019/942 – Do-ghlacthacht mar gheall ar easpa *locus standi* os comhair an Bhoird Achomhairc – Baint dhíreach agus leithleach)

I gCás T-556/23,

Swissgrid AG, a bunaíodh in Aarau (an Eilvéis), ionadaithe: P. De Baere, P. L'Ecluse, K. T'Syen, V. Lefever agus V. Ion, Dlíodóirí,

iarratasóir,

v

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), ionadaithe: P. Martinet agus E. Tremmel, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Creve agus T. Kölsch, Dlíodóirí,

cosantóir,

le tacaíocht ó

An Coimisiún Eorpach, ionadaithe: O. Beynet, T. Scharf, B. De Meester agus C. Hödlmayr, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra Méadaithe),

agus í comhdhéanta, le linn na bpléití, mar seo a leanas: P. Škvařilová-Pelzl, Uachtarán, I. Nõmm (Rapóirtéir), G. Steinfatt, D. Kukovec agus R. Meyer, Breithiúna,

Cláraitheoir: I. Kurme, Riarthóir,

* Teanga an cháis: an Béarla.

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

agus tar éis éisteacht an 12 Márta 2025,

an breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Swissgrid AG, go gcuirfí Cinneadh A-009-2022 ó Bhord Achomhairc Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) an 29 Meitheamh 2023, lena ndiúltaítear dá achomharc i gcoinne Chinneadh 16/2022 ó ACER an 30 Meán Fómhair 2022 (‘an cinneadh atá faoi chonspóid’) ar neamhní mar achomharc neamh-inghlactha.

Stair na díospóide

2 Is cuideachta phoiblí theoranta é an t-iarratasóir faoi rialú dhlí na hEilvéise arb é an t-aon oibreoir córais tarchurtha leictreachais (‘OCT’) amháin san Eilvéis é.

3 Tá an t-iarratasóir rannpháirteach ó 2012 san International Grid Control Cooperation (IGCC), struchtúr comhair idir OCTanna arb é is aidhm dó bainistiú uathoibrithe na gcúlchistí athchóirithe minicíochta a bharrfheabhsú trí an bpróisis glanluachála neamhchothroime. In 2016, thug aon OCT déag, lena n-áirítear an t-iarratasóir, an comhaontú iltaobhach i gcrích maidir le IGCC, lenar rialaíodh na socruithe dá gcomhar.

4 Ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar an ngréasán do mhalartú trasteorann leictreachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003 (IO 2009 L 211, lch. 15), ghlac an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) 2017/2195 an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO 2017 L 312, lch. 6), lena ndéantar foráil maidir le hardáin Eorpacha choiteanna a bhunú chun an próiseas glanluachála neamhchothroime a chur chun feidhme agus chun na coinníollacha a chomhlíonadh maidir le fuinneamh cothromúcháin a mhalartú ó chúlchistí athchóirithe minicíochta agus ó chúlchistí athsholáthair, agus go háirithe, in Airteagal 22 de, ardán Eorpach don phróiseas glanluachála neamhchothroime.

5 I mí na Nollag 2019, thug OCTanna is páirtí sa chomhaontú iltaobhach maidir le IGCC, lena n-áirítear an t-iarratasóir, comhaontú comhair i gcrích maidir le IGCC (‘comhaontú comhair IGCC’), a thagann in ionad an chomhaontaithe iltaobhaigh sin. Tá an comhaontú comhair faoi réir príomh-chomhaontaithe maidir le hardáin a chothromú, atá coiteann do na hardáin uile, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2020 (‘an príomh-chomhaontú’).

6 An 24 Meitheamh 2020, ghlac ACER Cinneadh 13/2020 maidir le hardán Eorpach le haghaidh an phróisis glanluachála neamhchothroime (‘an tArdán IN’), lena n-áirítear, in iarscríbhinn, an Creat Cur Chun Feidhme don ardán sin (‘an Creat Cur Chun Feidhme’).

7 Sainmhíníodh an coincheap ‘Comhalta OCT’ in Airteagal 2(1) (j) den Chreat Cur Chun Feidhme, mar ‘aon OCT a chuaigh isteach san Ardán IN, lena n-áirítear OCTanna de limistéir [rialú minicíochta cumhachta] arna n-oibriú ag roinnt OCTanna ó Bhallstáit éagsúla nó ó thríú tíortha’

agus Airteagal 2(1) (l) de, an coincheap ‘OCT rannpháirteach’ mar ‘aon OCT Ballstáit a úsáideann an tArdán IN chun an próiseas glanluachála neamhchothroime a chur chun feidhme le haghaidh na malartuithe fuinnimh don chothromú atá beartaithe’.

8 Luadh in Airteagal 2(1)(f) den Chreat Cur Chun Feidhme go ‘[raibh] an tionscadal cur chun feidhme a fhorbraíonn i dtreo Ardán IN IGCC’ agus Airteagal 5(2) de ar choinníoll ‘go n-aontódh gach OCT is comhalta [go n-aontódh] gach oibreoir córais tarchurtha is gá na hoiriúnuithe uile is gá ar fheidhmiúlachtaí IGCC a chur chun feidhme i gcomhréir leis an [gCreat Cur Chun Feidhme]’. De réir Airteagal 5(3) den Chreat Cur Chun Feidhme, chun an oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hArdán IN a chur i bhfeidhm, bunóidh na OCTanna is comhaltaí an tArdán IN ‘bunaithe ar thionscadal cur chun feidhme IGCC a athraíodh ina Ardán IN tar éis fhormheas [an Chreata Cur Chun Feidhme]’.

9 An 31 Márta 2022, de bhun Airteagal 10(2) den Chreat Cur Chun Feidhme, chuir Líonra Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Leictreachas (‘ENTSO-E’) togra faoi bhráid ACER chun an Creat Cur Chun Feidhme sin a leasú, a mhéid a bhaineann le hainmniú na n-eintiteas a chomhlíonfadh na feidhmeanna a shainítear ann.

10 An 30 Meán Fómhair 2022, ghlac ACER Cinneadh 16/2022 lena leasaítear an Creat Cur Chun Feidhme. Le hAirteagal 1(b) d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gcinneadh sin leasaíodh an sainmhíniú ar ‘OCT is comhalta’ in Airteagal 2(1)(j) den Chreat Cur Chun Feidhme, ionas go gcumhdaítear leis anois ‘aon OCT a bhfuil feidhm ag Rialachán [2017/2195] maidir leis agus a chuaigh isteach san Ardán IN, lena n-áirítear OCTanna ó limistéir il-OCT [rialú minicíochta cumhachta]’.

11 An 30 Samhain 2022, chuir an t-iarratasóir achomharc i gcoinne an chinnidh sin faoi bhráid Bhord Achomhairc ACER.

12 Leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, chinn an Bord Achomhairc nár ghníomh é Cinneadh 16/2022 a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do staid dhlíthiúil an iarratasóra, agus mar thoradh air sin nár ghá imscrúdú breise a dhéanamh ar bhain an cinneadh sin leis an iarratasóir go díreach agus go leithleach de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO 2019 L 158, lch. 22) agus, dá bhrí sin, dhíbh sé dá achomharc toisc go raibh sí do-ghlactha. Go sonrach, tá an Bord Achomhairc tar éis:

– a mheabhrú gur ghá imscrúdú a dhéanamh ar inghlacthacht caingne faoi Airteagal 28(1) de Rialachán 2019/942 i bhfianaise an chásdlí a bhaineann le hAirteagal 263 CFAE agus tháinig ar an gconclúid gur ghá a chinneadh an raibh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag Cinneadh 16/2022 a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna an iarratasóra trí athrú ar leith a dhéanamh ar a staid dhlíthiúil;

– a mheas gur lean sé ó Rialachán 2017/2195 nár ceadaíodh ach do OCTanna atá faoi réir dhlí an Aontais a bheith rannpháirteach sna hardáin a thagann faoina raon feidhme (cé is moite d’oibreoirí córais tarchurtha na hEilvéise agus maidir leis na hardáin Eorpacha chun táirgí caighdeánacha a mhalartú ar mhaithe le cothromú amháin) agus ar choinníoll gur ghlac an Coimisiún cinneadh chuige sin faoi Airteagal 1(7) den Rialachán sin;

– a chinneadh gur threisigh an fíoras nár bhain an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 1(7) de Rialachán 2017/2195 ach le rannpháirtíocht na hEilvéise sna hardáin Eorpacha chun táirgí

caighdeánacha don chothromú a mhalartú, agus ní in Ardán IN, an chonclúid nach raibh rannpháirtíocht ar oscailt ach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha atá faoi réir dhlí an Aontais;

– a chur in iúl go dtuigeann sí ón méid sin roimhe seo go raibh Cinneadh 16/2022 teoranta do Rialachán 2017/2195 a chur chun feidhme agus nach raibh staid dhlíthiúil an iarratasóra á rialú ag an gcinneadh sin, ach ag Rialachán 2017/2195;

– a chur in iúl go raibh Rialachán 2017/2195 infheidhme ón 18 Nollaig 2017 agus nár leasaíodh Airteagal 1 de agus gur chinn sé go raibh an t-iarratasóir sa staid dhlíthiúil chéanna faoi Chinntí 13/2020 agus 16/2022, agus mar thoradh air sin nár athraigh an t-iarratasóir a staid dhlíthiúil;

– a chur i dtábhacht nach raibh an t-iarratasóir i measc sheolaithe Chinneadh 13/2020, agus mar thoradh air sin nárbh fhéidir a mheas gurbh de thoradh ar Chinneadh 16/2022 é go gcaillfeadh sé a stádas mar chomhalta d'Ardán IN, rud lena mbeadh baint dhíreach agus leithleach dó;

– a mheas nach bhféadfaí brath ar rannpháirtíocht an iarratasóra roimhe seo i dtionscadail ardáin nó i socruithe conarthacha ar bhealach lena gcaithfí amhras ar léiriú fhorálacha Rialachán 2017/2195.

An t-ordú atá á lorg

13 Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú do ACER na costais a íoc.

14 Iarrann ACER ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

15 Iarrann an Coimisiún Eorpach ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhíbhe;

– a ordú don iarratasóir na costais a íoc.

An dlí

16 Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

17 An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráid i léiriú Rialachán (AE) 2017/2195. Áitíonn an t-iarratasóir go ndearna an Bord Achomhairc earráid nuair a chinn sé gur fhág sé a rannpháirtíocht in Ardán IN as an áireamh.

18 Éilítear leis an dara saincheist dlí earráid mheasúnaithe i gcur i bhfeidhm Airteagal 28(1) de Rialachán 2019/942 maidir le himthosca an cháis. Maíonn an t-iarratasóir go ndearna an Bord Achomhairc earráid nuair a chinn sé go raibh an t-achomharc i gcoinne Chinneadh 16/2022 do-ghlactha.

19 Leis an tríú saincheist dlí, a cuireadh ar aghaidh mar mhalairt air sin, ardaíonn an t-iarratasóir pléadáil neamhdhleathachta, faoi Airteagal 277 CFAE, i gcoinne Rialachán 2017/2195, má dhéantar an Rialachán sin a léiriú mar thoirmeasc ar a rannpháirtíocht in Ardán IN.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí i léiriú Rialachán 2017/2195

20 Áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil foras an chinnidh atá faoi chonspóid lena líomhnaítear go n-eisiatar le Rialachán 2017/2195 rannpháirtíocht na hEilvéise in Ardán IN ó bhail mar gheall ar earráid dlí. Faoin gcéad chuid den phléadáil seo, áitíonn sí go n-eascraíonn an chonclúid sin as míthuiscint ar Rialachán 2017/2195. Sa dara cuid, déanann sí, go sonrach, an léiriú ar Airteagal 1(6) agus (7) de Rialachán 2017/2195 a dhíospóid.

21 Measann an Coimisiún agus ACER go bhfuil an foras sin leis an gcinneadh atá faoi chonspóid saor ó earráid dlí.

22 Is éard atá i gceist leis an dá chuid den phléadáil saincheist dlí seo, ar iomchuí iad a imscrúdú le chéile, a chinneadh an raibh sé de cheart ag an mBord Achomhairc a mheas gur eisiadh rannpháirtíocht an iarratasóra in Ardán IN dá dtagraítear in Airteagal 22 den Rialachán sin le hAirteagal 1 de Rialachán 2017/2195, a bhaineann le hábhar agus raon feidhme an Rialacháin sin.

23 De réir cásdlí socair, agus foráil de dhlí an Aontais á léiriú, is gá aird a thabhairt ní hamháin ar a friotal, ach freisin ar a comhthéacs agus ar na cuspóirí a shaothraítear leis an reachtaíocht ar cuid di í (féach breithiúnas an 14 Márta 2024, *VR Bank Ravensburg-Weingarten*, C-536/22, EU:C:2024:234, mír 35 agus an cásdlí a luadh).

24 Ba cheart a thabhairt faoi deara go luaitear in Airteagal 1(2) de Rialachán 2017/2195 ‘go mbeidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le [OCTanna], oibreoirí córais dáileacháin (OCDanna), lena n-áirítear córais dáileacháin iata, údaráis rialála, [ACER], [ENTSO-E], tríú páirtithe ar tarmligeadh nó ar sannadh freagrachtaí dóibh, agus rannpháirtithe eile sa mhargadh’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

25 Maidir le hAirteagal 1(6) de Rialachán 2017/2195, ‘féadfar na [hardáin chothromaíochta Eorpacha] le haghaidh fuinneamh don chothromú a oscailt d’oibreoirí córais tarchurtha atá ag feidhmiú [i gCónaidhm na hEilvéise] ar choinníoll go gcuirtear chun feidhme lena dhlí náisiúnta príomhfhorálacha reachtaíocht mhargadh leictreachais an Aontais agus go bhfuil comhaontú idir-rialtasach ann maidir le comhar leictreachais idir an tAontas [Eorpach] agus [Cónaidhm na hEilvéise], nó más rud é go bhféadfadh sreafaí cumhachta fisiciúla neamhsceidealta trí [Chónaidhm na hEilvéise] a bheith mar thoradh ar eisiamh na hEilvéise, rud a chuirfeadh slándáil chórais an réigiúin i mbaol’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

26 Ar deireadh, foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 1(7) de Rialachán 2017/2195:

‘Ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 6, is é an Coimisiún a chinnfidh rannpháirtíocht [Chónaidhm] na hEilvéise ar na [hardáin chothromaíochta Eorpacha] ar bhonn tuairim arna heisiúint ag an nGníomhaireacht agus ag gach OCT i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 4(3). Beidh cearta agus freagrachtaí OCTanna na hEilvéise comhsheasmhach le cearta agus freagrachtaí OCTanna atá ag oibriú san Aontas, rud a fhágfaidh go bhfeidhmeoidh an margadh cothromúcháin go rianúil ar leibhéal an Aontais agus go mbeidh cothrom iomaíochta ann do na geallsealbhóirí uile.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

27 Maidir leis an léiriú litriúil agus comhthéacsúil ar Rialachán 2017/2195, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé nach dtagraítear go sainráite in Airteagal 1(2) den Rialachán sin d’oibreoirí córais tarchurtha an Aontais amháin, go leagtar síos in Airteagal 1 (6) agus (7) den Rialachán sin na toimhdí agus na socruithe ina bhféadfaí cead a thabhairt d’oibreoirí córais tarchurtha na hEilvéise páirt a ghlacadh i roinnt de na hardáin dá bhforáiltear sa Rialachán sin ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún.

28 Tugtar an deis don Choimisiún glacadh le rannpháirtíocht OCTanna na hEilvéise amháin in ardáin áirithe agus faoi choinníollacha áirithe amháin a léiriú ach mar eisceacht, lena nochtar nach bhfuil riail prionsabail ann lena n-áirítear rannpháirtíocht OCTanna lasmuigh den Aontas Eorpach sna hardáin dá bhforáiltear le Rialachán 2017/2195, lena n-áirítear an tArdán IN dá dtagraítear in Airteagal 22.

29 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go dtreisítear an chonclúid sin leis an léiriú teileolaíoch ar Rialachán 2017/2195, ós rud é gur léir ó aithrisí 1 agus 10 go saothraítear leis an Rialachán sin margadh inmheánach fuinnimh atá lánfheidhmiúil agus idirnasctha a chruthú.

30 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh sé beartaithe ag an gCoimisiún go mbeadh feidhm ag rialacha cothroma maidir leis na OCTanna atá rannpháirteach sna hardáin. Leagtar amach an ráiteas maidir le cuspóir den sórt sin in aithris 8 de Rialachán 2017/2195, ar dá réir ‘go n-áirithítear leis na rialacha maidir le cothromú téarmaí agus coinníollacha iomaíocht leordhóthanach ar bhonn cothroime iomaíochta idir rannpháirtithe sa mhargadh’. Léirítear an cuspóir sin freisin in Airteagal 19(3)(d), Airteagal 20(3)(d), Airteagal 21(3)(d) agus Airteagal 22(3)(d) de Rialachán 2017/2195, ar dá réir nach mór na rialacha lena rialaítear na hardáin éagsúla a bheith ‘bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus cóir chothrom a áirithiú do gach OCT is comhalta, lena n-eisiatar tairbhí eacnamaíocha míchuí ó OCT mar thoradh ar a rannpháirtíocht i bhfeidhmeanna an ardáin Eorpaigh’.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

31 Mar a thug an Chúirt le fios, níor ghlac Cónaidhm na hEilvéise, trí dhiúltú an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a dheonú, le tionscadal aonaid eacnamaíoch chomhtháite le margadh aonair, bunaithe ar rialacha comhchoiteanna idir a comhaltaí, ach b’fhearr léi conair na socruithe déthaobhacha leis an Aontas Eorpach agus lena Bhallstáit i réimsí sonracha. Dá réir sin, níor aontaigh Cónaidhm na hEilvéise do mhargadh inmheánach an Aontais Eorpaigh (breithiúnais an 12 Samhain 2009, *Grimme*, C-351/08, EU:C:2009:697, et al., mír 27, agus an 7 Márta 2013, *an Eilvéis* v *an Coimisiún*, C-547/10 P, EU:C:2013:139, et al., míreanna 78 agus 79).

32 Ós rud é, dá bhrí sin, nach bhfuil OCTanna na hEilvéise faoi réir na rialacha céanna is infheidhme maidir le OCTanna Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, tá údar iomlán lena n-eisiamh ó rannpháirtíocht sna hardáin atá beartaithe i Rialachán 2017/2195, faoi réir socrú déthaobhach malartach atá fós indéanta, i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú leis an Rialachán sin.

33 Dá bhrí sin, ní dhearna an Bord Achomhairc an earráid dlí a líomhain an t-iarratasóir trína lua, in aithrisí 52 go 57 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur eisiadh rannpháirtíocht OCTanna na hEilvéise, lasmuigh de na cásanna a bheartaítear in Airteagal 1(6) agus (7) de Rialachán 2017/2195.

34 Ní neamhbhailíochtaítear an chonclúid sin le hargóintí an iarratasóra.

35 A mhéid a bhaineann, go háirithe, le haithris 70 de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas (IO 2019 L 158, lch. 54), ní mór a lua nach gcuirtear i dtábhacht san aithris sin ach an tábhacht a bhaineann le dlúthchomhar idir na Ballstáit, Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus tríú tíortha eile a chuireann an Rialachán sin i bhfeidhm nó atá mar chuid de limistéar sioncronach mhór-roinn na hEorpa.

36 Níl aon chontrárthacht idir, ar thaobh amháin, foclaíocht rún an reachtais comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn agus, ar an taobh eile, an fíoras go dteorannaítear le hAirteagal 1 de Rialachán 2017/2195 rannpháirtíocht sna hardáin a rialaíonn sé d'oibreoirí córais tarchurtha an Aontais amháin. Go deimhin, féadfaidh rannpháirtíocht sna hardáin sin a bheith bunaithe ar fhoráil seachas Airteagal 1 den rialachán sin, amhail comhaontú idirnáisiúnta idir an tAontas agus an tríú tír lena mbaineann, comhaontú den sórt sin, de réir Airteagal 216(2) den CFAE, a cheanglaíonn institiúidí an Aontais agus, dá bharr sin, a bhfuil tosaíocht aige ar ghníomhartha an Aontais (féach breithiúnas an 21 Nollaig 2011, Air Transport Association of America agus páirtithe eile, C-366/10, EU:C:2011:864, mír 50 agus an cásdlí a luadh)

37 Ar an gcaoi chéanna, sa chomhthéacs sin, ní féidir an fíoras go mbeartaítear le hAirteagal 23 de Rialachán 2017/2195, a bhaineann le comhroinnt costas idir OCTanna i mBallstáit éagsúla, i mír 3 de, comhroinnt costas coiteann idir OCTanna sna Ballstáit agus tríú tíortha atá rannpháirteach sna hardáin Eorpacha a léiriú mar rud a thugann, ann féin, ceart chun rannpháirtíochta sna hardáin ag OCTanna tríú tíortha. Ina ionad sin, ní mór a thuiscint go mínítear ann conas atá na costais sin le comhroinnt idir OCTanna an Aontais atá rannpháirteach sna hardáin faoi Airteagal 1 de Rialachán 2017/2195 agus OCTanna na dtríú tíortha atá rannpháirteach sna hardáin sin faoi bhunús dlí eile.

38 Le haithris 15 de Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (IO 2017 L 220, lch. 1), dá dtagraíonn an t-iarratasóir, leagtar béim shainráite ar an gcuspóir tacú le tríú tíortha chun críche rialacha atá comhchosúil leis na rialacha atá sa rialachán sin a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, cé go leagtar béim leis an rialachán sin ar an gcuspóir comhar a éascú idir OCTanna an Aontais agus OCTanna tríú tíortha i ndáil le hoibriú slán córais, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gá go mbeadh rochtain ar na hardáin a bheartaítear le Rialachán 2017/2195 i gceist leis an gcomhar sin, ach go bhféadfaidh sé a bheith i bhfoirm comhaontuithe idir OCTanna an Aontais agus OCTanna na dtríú tíortha lena mbaineann, mar a fhoráiltear go sainráite in Airteagal 13 de Rialachán 2017/1485, ar dá réir 'i gcás ina n-áirítear i limistéar sioncronach OCTanna an Aontais Eorpaigh agus tríú tíortha, laistigh de 18 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, féachfaidh gach OCT de chuid an Aontais atá i láthair sa limistéar sioncronach sin leis na socruithe maidir le feidhmiú na dtríú tíortha atá i gceist a thabhairt i gcrích le OCTanna na dtríú tíortha'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

39 Ar deireadh, maidir leis an bhfíoras nach dtagann Ardán IN faoin gcoincheap ‘ardáin Eorpacha chun táirgí caighdeánacha don chothromú a mhalartú’ a úsáidtear in Airteagal 1(6) de Rialachán 2017/2195, ní thugann sé le tuiscint ach nach féidir rannpháirtíocht an iarratasóra a údarú ar bhonn cinneadh ón gCoimisiún faoi Airteagal 1(7) den Rialachán sin, ach ceanglaítear leis bunús dlí eile a bheith ann, mar a mhínítear i mír 36 thuas.

40 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí.

An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid mheasúnaithe i gcur i bhfeidhm Airteagal 28(1) de Rialachán 2019/942 maidir le himthosca an cháis

41 Áitíonn an t-iarratasóir gur sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 28(1) de Rialachán 2019/942 trína chinneadh nár tháinig athrú ar leith ar a staid dhlíthiúil mar thoradh ar Chinneadh 16/2022. Sa chéad chuid, déanann sé gearán nár chinn an Bord Achomhairc go raibh sé de cheart aige a bheith rannpháirteach in Ardán IN faoi Chinneadh 13/2020. Lena dara cuid, áitíonn sé go raibh an Bord Achomhairc mícheart gan éifeachtaí Chinneadh 16/2022 ar na conarthaí a bhfuil sé ina pháirtí iontu a chur san áireamh.

42 Freagraíonn ACER, le tacaíocht ón gCoimisiún, *inter alia*, go bhfuil an chéad chuid bunaithe ar an mbonn mícheart go raibh sé de cheart ag an iarratasóir a bheith rannpháirteach in Ardán IN faoi Chinneadh 13/2020, ós rud é nach bhféadfadh rannpháirtíocht den sórt sin a bheith mar thoradh ach ar chinneadh ón gCoimisiún chuige sin faoi Rialachán 2017/2195. Cuirtear in iúl ann freisin, i gcomhthéacs rialála Chinneadh 13/2020, nach bhféadfaí an tagairt do ‘thríú tíortha’ in Airteagal 3(1)(j) den chreat cur chun feidhme a thuiscint ach amháin mar thagairt do thríú tíortha a chuireann dlí an Aontais i bhfeidhm. Maidir leis an dara cuid den sainchesit dlí déanann ACER agóid i gcoinne a hinghlacthachta agus áitíonn sé, in aon chás, nach mór diúltú dó toisc é a bheith gan bhunús. Dá bhrí sin, chuir an Bord Achomhairc in iúl, mar is ceart, nach féidir brath ar shocruithe conarthacha faoin dlí príobháideach chun cur i bhfeidhm dhlí an Aontais a cheistiú agus áitíonn an t-iarratasóir go mícheart gurb ionann Cinneadh 16/2022 agus amhras a chaitheamh ar dhlíthiúlacht an phríomh-chomhaontaithe agus chomhaontú comhair IGCC.

43 I míreanna 57 go 63 den chinneadh atá faoi chonspóid, tháinig an Bord Achomhairc ar an gconclúid nach raibh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag Cinneadh 16/2022 a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna an iarratasóra trí athrú ar leith a dhéanamh ar a staid dhlíthiúil ar na forais, ar an gcéad dul síos, nach raibh an staid dhlíthiúil sin á rialú le Cinntí 13/2020 agus 16/2022, ach le Rialachán 2017/2195, ónar lean sé nach raibh sé de cheart ag an iarratasóir páirt a ghlacadh in Ardán IN; ar an dara dul síos, in éagmais ceart den sórt sin faoi Chinneadh 13/2020, nárbh fhéidir a mheas go raibh baint dhíreach agus leithleach ag Cinneadh 16/2022 leis agus, ar an tríú dul síos, go raibh rannpháirtíocht an iarratasóra roimhe sin i dtionscadail ardáin nó i gconarthaí gaolmhara neamhábhartha.

44 Measann an Chúirt gurb iomchuí déileáil leis an dá chuid den phléadáil le chéile agus, dá bhrí sin, imscrúdú a dhéanamh, mar réamhphointe, ar inghlacthacht an dara cuid, ar chuir ACER ina coinne.

Inghlacthacht an dara cuid, arna gconspóid ag ACER

45 Áitíonn ACER go bhfuil an dara cuid den phléadáil do-ghlactha a mhéid nár sholáthair an t-iarratasóir na cóipeanna de Chomhaontú Comhair IGCC agus den Phríomh-Chomhaontú mar iarscríbhinn a ghabhann lena iarratas agus nach dtagraíonn sé ach ar bhealach doiléir agus ginearálta dá n-ábhar.

46 Faoin gcéad mhír d'Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá infheidhme maidir leis na himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta i gcomhréir leis an gcéad mhír d'Airteagal 53 den Reacht sin, agus faoi Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta, ní mór ábhar na n-imeachtaí, na saincheisteanna agus na hargóintí dlí a mbeifear ag brath orthu agus achoimre ar na saincheisteanna sin. Ní mór na heilimintí sin a bheith soiléir agus beacht go leor chun a chur ar chumas an chosantóra a chosaint a ullmhú agus ní mór don Chúirt rialú a thabhairt ar an gcaingean, más gá, gan tuilleadh faisnéise. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus riaradh cuí an cheartais a áirithiú, is gá, chun go nglacfar le caingean, go leagfar amach ar bhealach comhtháite agus intuigthe ó théacs an iarratais féin na heilimintí riachtanacha fíorais agus dlí ar a bhfuil sí bunaithe (féach ordú an 28 Aibreán 1993, *De Hoe* v *an Coimisiún*, T-85/92, EU:T:1993:39, mír 20 agus an cásdlí a luadh). Dá bhrí sin, ní mór cineál an fhorais ar a bhfuil an chaingean bunaithe a shonrú san iarratas, agus mar thoradh air sin ní chomhlíontar ceanglais na Rialacha Nós Imeachta ach le ráiteas teibí ar na forais. Tá feidhm ag ceanglais chomhchosúla i gcás ina ndéantar gearán mar thaca le hachainí (féach breithiúnas an 25 Márta 2015, *an Bheilg* v *an Coimisiún*, T-538/11, EU:T:2015:188, mír 131 agus an cásdlí a luadh; ordú an 27 Samhain 2020, *PL* v *an Coimisiún*, T-728/19, gan foilsiú, EU:T:2020:575, mír 64).

47 Faoin dara cuid den sainchesit dlí, áitíonn an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go bhfuil ceart conarthach aige páirt a ghlacadh in Ardán IN faoin bpríomhchomhaontú agus faoi chomhaontú comhair IGCC. Ar an dara dul síos, measann sé gurb é an toradh atá ar an gCreat Cur Chun Feidhme mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 16/2022 go mbaintear an ceart conarthach sin de. Ar an tríú dul síos, is léir ó iarratas de réir analaí ar sheasamh na Cúirte Céadchéime i mbreithiúnais an 11 Iúil 2007, *Alrosa* v *an Coimisiún* (T-170/06, EU:T:2007:220, et al., mír 39), agus an 12 Nollaig 2018 i gCás T-873/16, EU:T:2018:904, *Groupe Canal +* v *an Coimisiún* (míreanna 22 go 27), gur tháinig athrú ar leith ar a staid dhlíthiúil mar thoradh ar Chinneadh 16/2022.

48 Ní mór a mheas go bhfuil argóint den sórt sin go hiomlán comhsheasmhach le hAirteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta.

49 Ina ionad sin, baineann an méid a dhíospóideann ACER le heaspa fianaise an iarratasóra maidir leis an mbonn fíorasach ar a bhfuil an argóint sin bunaithe, eadhon ceart conarthach a bheith ann chun páirt a ghlacadh in Ardán IN faoin bpríomh-chomhaontú agus faoi chomhaontú comhair IGCC, a mhéid nár chuir sé cóip de na doiciméid sin ar fáil mar iarscríbhinn a ghabhann lena iarratas.

50 Is fíor nár chuir an t-iarratasóir cóip de na comhaontuithe sin isteach mar iarscríbhinn a ghabhann lena iarratas. Ina fhreagra, thug sé údar leis an easpa sin ar bhonn chastacht agus fhad na ndoiciméad sin agus ar bhonn chineál neamhriachtanach líomhnaithe na ndoiciméad sin, ach chuir sé fianaise ar fáil chuige sin. Tar éis beart eagrúcháin nós imeachta, sheol an t-iarratasóir cóip de chomhaontú comhair IGCC agus den phríomh-chomhaontú chuig an gCúirt.

51 Faoi Airteagal 85(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ‘Cuirfear fianaise a thabharfar ar aird nó a dhéanfar a thairiscint ar fáil ag an gcéad mhalartú pléadálacha i scríbhinn.’ agus, de réir mhír 2 de, ‘féadfaidh príomhpháirtí tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird nó a thairiscint sa fhreagra nó san athfhreagra mar thaca lena argóintí, ar choinníoll go bhfuil údar leis an moill sin agus an fhianaise sin á tíolacadh’.

52 Ní mór a lua gur thug an t-iarratasóir údar, de réir bhrí Airteagal 85(2) de na Rialacha Nós Imeachta, leis an moill ar a thairiscint fianaise, trína chur in iúl, go bunúsach, gur mheas sé nach raibh sé riachtanach a léiriú gurb ann do cheart conarthach ina leith chun páirt a ghlacadh in Ardán IN.

53 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ós rud é gur áitigh a fhógra achomhairc os comhair an Bhoird Achomhairc go ndearna Cinneadh 16/2022 difear dá chearta conarthacha, mar a ndearna an Bord Achomhairc achoimre air i mír 44 den chinneadh atá faoi chonspóid. Mar sin féin, níor tharraing an Bord Achomhairc sin amhras ar ábharthacht na gceart conarthach sin, ach dhiúltaigh sé don argóint sin toisc nach raibh sé ábhartha, agus chuir sé in iúl i mír 64 den chinneadh atá faoi chonspóid nach bhféadfaí brath ar rannpháirtíocht roimhe sin i dtionscadail ardáin nó i socruithe conarthacha ar bhealach a chaitheann amhras ar na forálacha sonracha i Rialachán 2017/2195. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh an t-iarratasóir a mheas go dlisteanach nach raibh air a léiriú gurb ann do na cearta conarthacha sin, nár chaith an Bord Achomhairc amhras ar a n-ábharthacht.

54 Dá bhrí sin, ní mór diúltú do phléadáil ACER maidir le do-ghlacthacht.

Scrúdú ar shubstaint na pléadála

55 Sonraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán 2019/942, dar teideal ‘Cinntí atá faoi réir achomhairc’ go ‘[bhf]éadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear údaráis rialála náisiúnta, achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 2 agus atá dírithe chuig an duine sin, nó in aghaidh cinneadh a bhaineann go díreach agus go leithleach leis an duine sin cé gur cinneadh é atá dírithe chuig duine eile’.

56 Ós rud é go bhfuil an fhoráil sin bunaithe ar an bhforáil a bhaineann le caingne le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte agus, go háirithe, ar an gcéad chuid den cheathrú mír d’Airteagal 263 CFAE, ní mór í a léiriú i bhfianaise an chásdlí a bhaineann leis an bhforáil úd sin.

57 I ndáil leis seo, ba cheart a mheabhrú, ar dtús, nuair a thionscnaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach caingean le haghaidh neamhniú, nach bhfuil sí ar fáil dó ach amháin más féidir go ndéanfaí difear do leasanna an iarratasóra le héifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha an ghnímh atá faoi chonspóid trí athrú soiléir a dhéanamh ar staid dhlíthiúil an iarratasóra sin. Ar an taobh eile, go sonrach, maidir le caingean le haghaidh gníomh a neamhniú nach é an duine sin a sheoltar chuige é, forluíonn an ceanglas sin leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263(4) den CFAE, a cheanglaíonn go de chúram díreach agus go leithleach an iarratasóra an gníomh atá faoi conspóid (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2011, *Deutsche Post agus an Ghearmáin* v *an Coimisiún*, C-463/10 P agus C-475/10 P, EU:C:2011:656, mír 37 agus 38).

58 Maidir le coinníoll an chúraim dhírigh, is cásdlí socair é go gceanglaítear leis an gcoinníoll nach mór baint dhíreach a bheith ag duine nádúrtha nó dlítheanach leis an ngníomh is ábhar don chaingean go ndéanfaidh an beart sin difear díreach dá staid dhlíthiúil agus nach bhfágfadh sé aon lánrogha ag a sheolaithe, a gcuirtear de chúram orthu é a chur chun feidhme, cur chun

feidhme den sórt sin a bheidh go huile is go hiomlán uathoibríoch agus a bheidh mar thoradh ar rialacha an Aontais gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm (féach breithiúnas an 13 Márta 2008, *an Coimisiún* v *Infront WM*, C-125/06 P, EU:C:2008:159, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Maidir le coinníoll an chúraim leithlighh, de réir cásdlí socair, ní féidir le duine nádúrtha nó dlítheanach seachas seolaí birt a éileamh gur dá chúram go leithleach é de réir bhrí an cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE ach amháin má dhéanann an gníomh atá i gceist difear dó, mar gheall ar thréithe áirithe a bhaineann go sonrach leo nó mar gheall ar imthosca ina ndéantar idirdhealú idir iad agus gach duine eile agus de bhua na dtosca sin déantar idirdhealú eatarthu ar bhonn aonair mar atá i gcás sheolaí an bhirt (breithiúnas an 15 Iúil 1963, *Plaumann* v *an Coimisiún*, 25/62, EU:C:1963:17, lch. 223; féach freisin Cás C-133/12 P EU:C:2014:105, *Stichting Woonlinie agus páirte eile* v *an Coimisiún*, breithiúnas an 27 Feabhra 2014, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil foras an chinnidh atá faoi chonspóid, lena líomhnaítear go bhfuil staid dhlíthiúil an iarratasóra á rialú go díreach le Rialachán 2017/2195 agus ní le Cinntí 13/2020 agus 16/2022, in ann údar a thabhairt leis an gcinneadh go bhfuil an chaingean a thugtar os a chomhair do-ghlactha.

61 Ós rud é go bhforáiltear le hAirteagal 22(1) de Rialachán 2017/2195 maidir le togra a thíolacadh agus a ghlacadh maidir leis an gCreat Cur Chun Feidhme agus gur ar an mbunús dlí sin a glacadh Cinneadh 16/2022, bhí an t-iarratasóir i dteideal agóid a dhéanamh i gcoinne a dhlíthiúlachta, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 57 go 59 thuas, gan beann ar raon feidhme Rialachán 2017/2195. Ós rud é, ar na cúiseanna a leagtar amach mar fhreagra ar an gcéad saincheist dlí, nach bhforáiltear le Rialachán 2017/2195 don fhéidearthacht go mbeadh an t-iarratasóir rannpháirteach in Ardán IN, ba bhreithniú ábhartha é chun scrúdú a dhéanamh ar shubstaint na caingne, ach ní chun measúnú a dhéanamh ar a hinghlacthacht.

62 Ar an dara dul síos, maidir leis an gceist ar cheart don Bhord Achomhairc a chinneadh go raibh baint dhíreach agus leithleach ag an iarratasóir le Cinneadh 16/2022, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil dearbhú an iarratasóra go bhfuil sé ina pháirtí sa phríomh-chomhaontú agus i gcomhaontú comhair IGCC ceart go hábhartha agus, a mhéid a bhaineann leis an dara comhaontú sin, gur 'comhalta rannpháirteach' é, is é sin le rá, go bhfuil IGCC á úsáid aige chun críoch frithairimh, ó mhí an Mhárta 2012.

63 Ar an dara dul síos, tá comhthuiscint ann, mar is léir ó Airteagal 2(1)(f) den chreat cur chun feidhme sna leaganacha a eascraíonn as Cinneadh 13/2020 agus Cinneadh 16/2022 araon, gurb é IGCC an tionscadal cur chun feidhme a fhorbraíonn i dtreo Ardán IN.

64 Thairis sin, níor fhág glacadh creata chun Ardán IN a chur chun feidhme de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán 2017/2195 neamhábhartha na conarthaí a bhfuil an t-iarratasóir ina pháirtí iontu, ós rud é go leanann siad d'fheidhmiú an ardáin sin a rialú mar leanúint den chreat cur chun feidhme sin. Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, leanann sé ó bhrollach an phríomh-chomhaontaithe, atá coiteann do na hardáin uile dá bhforáiltear le Rialachán 2017/2195, go bhféachtar leis an gcomhaontú sin le creat oibleagáidí cómhalartacha na bpáirtithe a chinneadh maidir le forbairt, cothabháil agus oibriú na n-ardán sin agus i gcomhréir leis na Creataí Cur Chun Feidhme arna nglacadh faoin Rialachán sin. Ar an dara dul síos, maidir le Comhaontú Comhair IGCC, go

sonrach, meabhraítear i mír 6 dá bhrollach gurb é atá ann an tionscadal cur chun feidhme chun Ardán IN a bhunú agus, i mír 8 den bhrollach sin, nach mór dó Rialachán 2017/2195 agus an Creat Cur Chun Feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 22(1) de a chomhlíonadh.

65 Ar an tríú dul síos, ní mór a lua nach raibh sé soiléir ón gCreat Cur Chun Feidhme atá i gceangal le Cinneadh 13/2020 nach bhféadfadh an t-iarratasóir a rannpháirtíocht in Ardán IN a choinneáil de bhua a chearta conarthacha agus dá bhrí sin go bhféadfadh sé a mheas nach ndearna Cinneadh 13/2020 difear dá staid dhlíthiúil. Go deimhin, sainmhínítear le focail Airteagal 2(1)(j) den Chreat Chur Chun Feidhme (féach mír 7 thuas), 'OCT comhalta' toisc gur tháinig sé isteach in Ardán IN agus gur áiríodh go sainráite ann 'OCTanna de limistéir [rialú minicíochta cumhachta] arna n-oibriú ag roinnt OCTanna de chuid Ballstát éagsúil nó tríú tíortha' agus bhí sé teoranta do OCT 'rannpháirteach' a shainiú mar 'aon OCT is comhalta a úsáideann an tArdán IN chun an próiseas glanluachála neamhchothroime a chur chun feidhme le haghaidh na malartuithe fuinnimh don chothromú atá beartaithe'.

66 Thairis sin, más rud é, a mhéid a glacadh an Creat Cur Chun Feidhme faoi Airteagal 22(1) de Rialachán 2017/2195, gur ghá brí bheacht a fhorálacha a chinneadh i bhfianaise an Rialacháin sin, ní féidir a mheas go raibh léiriú den sórt sin i gcomhréir leis an Rialachán sin in ann aon amhras a chur ar ceal maidir leis an bhféidearthacht go leanfadh an t-iarratasóir dá rannpháirtíocht in Ardán IN ar bhonn a chearta conarthacha. Ar an gcéad dul síos, ní dhearna Cúirteanna an Aontais Eorpaigh Airteagal 1 de Rialachán 2017/2195 a léiriú an tráth sin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh an chaoi a bhfuil an rialachán seo dréachtaithe a bheith ina chúis leis an iarratasóir a chreidiúint go raibh an rogha aige a rannpháirtíocht san Ardán IN a choinneáil. Is amhlaidh atá, go háirithe, i gcás easpa tagartha do OCTanna an Aontais Eorpaigh amháin in Airteagal 1(2), nach dtagann an tArdán IN faoin gcoincheap 'ardáin Eorpacha le haghaidh malartú táirgí cothromúcháin caighdeánacha' a úsáidtear in Airteagal 1(6), nó an tagairt in Airteagal 23(3) do 'thríú tíortha atá rannpháirteach in ardáin Eorpacha'.

67 I ndáil leis sin, ní féidir a mheas gur cuireadh deireadh leis an amhras sin ar an dáta a glacadh Cinneadh 13/2020 leis na seasaimh neamhfhoirmiúla arna nglacadh ag an gCoimisiún agus ag ACER. Ar thaobh amháin, maidir leis an litir ó Leas-Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin an 1 Iúil 2020 a seoladh chuig OCTanna áirithe, is leor a lua gur bhain sí le saincheist dhifriúil ón gceist maidir le féidearthacht an iarratasóra páirt a ghlacadh sna hardáin a chumhdaítear le Rialachán 2017/2195, eadhon eisiamh OCTanna ó thríú tíortha – lena n-áirítear an Eilvéis – ó na hionaid chomhordaithe réigiúnacha dá bhforáiltear le hAirteagal 35 de Rialachán 2019/943, agus nach raibh aon tagairt inti do Rialachán 2017/2195 ná don Ardán IN. Ar an taobh eile, maidir leis an litir an 24 Samhain 2021 ó ACER chuig ENTSO-E, cé go mbaineann sí go sainráite le neamhábaltacht an iarratasóra páirt a ghlacadh sna hardáin dá bhforáiltear le Rialachán 2017/2195, eisíodh í tar éis don tréimhse chun achomharc a thaisceadh os comhair an Bhoird Achomhairc i gcoinne Chinneadh 13/2020 dul in éag.

68 Is le glacadh Chinneadh 16/2022 amháin a ghlac ACER ráiteas foirmiúil seasaimh lena n-eisiatar go sainráite an fhéidearthacht go mbeadh an t-iarratasóir rannpháirteach in Ardán IN. Go deimhin, in Airteagal 2(1)(j) den chreat cur chun feidhme (féach mír 10 thuas), luaitear go sainráite anois nach dtagann faoin gcoincheap "'TSO is ball'" ach amháin maidir le hoibreoirí córais tarchurtha (OCTanna) lena mbaineann Rialachán 2017/2195.

69 Dá bhrí sin, tar éis Chinneadh 16/2022, ní féidir leis an Iarratasóir a rannpháirtíocht in Ardán IN faoin bPríomh-Chomhaontú agus faoi Chomhaontú Comhair IGCC a choinneáil ar bun a thuilleadh. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go mbaineann an cinneadh sin feidhmiú a cheart conarthach den iarratasóir agus, dá bhrí sin, go ndéanann sé difear díreach dá staid dhlíthiúil de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 58 den bhreithiúnas seo.

70 Ar an gcaoi chéanna, ní mór a mheas go bhfuil tionchar ag Cinneadh 16/2022 ar an iarratasóir mar gheall ar shaintréithe áirithe a bhaineann go sonrach leis nó mar gheall ar imthosca ina ndéantar é a dhifreáil ó gach duine eile de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 59 den bhreithiúnas seo.

71 Mar a cuireadh in iúl i mír 63 den bhreithiúnas seo, ós rud é gurb é IGCC, de réir an chreata cur chun feidhme féin, an tionscadal a d'fhorbair i dtreo Ardán IN, tá an t-iarratasóir, mar rannpháirtí san ardán sin ó 2012, i gcás difriúil le OCTanna tríú tír eile nár bhain tairbhe as rannpháirtíocht den sórt sin.

72 Ina theannta sin, tá an t-iarratasóir, mar an t-aon OCT Eilvéiseach amháin, i staid éagsúil ó staid OCTanna ó thríú tíortha eile, ós rud é go bhfuil an tsainiúlacht gheografach ag an Eilvéis, *de facto*, a bheith timpeallaithe ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Ó thaobh chuspóir Rialachán 2017/2195, mar a mhínítear in Airteagal 1(1) den Rialachán sin, eadhon 'treoirlíne mhionsonraithe maidir le cothromú leictreachais a leagan síos, lena n-áirítear prionsabail choiteanna a bhunú chun cúltacaí cobhsaíochta minicíochta, cúltacaí athchóirithe minicíochta agus cúltacaí athsholáthair a fháil agus a shocrú, chomh maith le modheolaíocht choiteann chun cúltacaí athchóirithe minicíochta agus cúlchistí athsholáthair a ghníomhachtú', ní mór a mheas gur cás fíorasach é sin a léiríonn an t-iarratasóir i ndáil le OCTanna atá lonnaithe i dtríú tíortha eile.

73 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, ní mór a chinneadh gur bhain Cinneadh 16/2022 go díreach agus go leithleach leis an iarratasóir, agus mar thoradh air sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 57 den bhreithiúnas seo, go raibh éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag an gcinneadh sin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá leasanna.

74 Dá bhrí sin, sháraigh an Bord Achomhairc Airteagal 28(1) de Rialachán 2019/942 trína chinneadh go raibh an t-achomharc os a chomhair do-ghlactha.

75 Dá bhrí sin, ní mór seasamh leis an dara saincheist dlí agus, ós rud é nach bhfuil aon ghá a bheith an tríú saincheist dlí a imscrúdú, ní mór an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

Costais

76 De réir théarmaí Airteagal 134(1) de na Rialacha Nós Imeachta, ordófar don pháirtí caillteach na costais a íoc, má iarrtar iad i bpléadálacha an pháirtí a n-éireoidh leis.. Sa chás seo, ós rud é nár éirigh le ACER, ní mór a ordú dó a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an iarratasóir a íoc, i gcomhréir leis an ordú atá á lorg ag an iarratasóir.

77 I gcomhréir le hAirteagal 138(1) de na Rialacha Nós Imeachta, beidh ar Bhallstáit agus institiúidí a bhfuil idiragairt sna himeachtaí déanta acu a gcostais féin a íoc.. Dá bhrí sin, íocfaidh an Coimisiún a chostais féin.

Ar an bhforas sin,

dearbhaíonn agus ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Tríú Dlísheomra Méadaithe)

mar seo a leanas:

1. **Cuirtear Cinneadh A-009-2022 ó Bhord Achomhairc Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an 29 Meitheamh 2023, ar neamhní.**

2. **Ordaítear do ACER a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Swissgrid AG a íoc.**

3. **Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.**

Škvařilová-Pelzl Nõmm Steinfatt

Kukovec Meyer

Arna thabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2025

Sínithe